



COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

**TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS OIFIG
CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008



CLÁR ÁBHAR

	LEATHANACH
COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE	2-3
FAISNÉIS CHÚLRA	4- 5
RÉAMHRÁ LE CATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA	6
AN COISTE INFHEISTÍOCHTA	7
TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS	8-15
RÓL OIFIG NA gCOIMIRCITHE CÚIRTE	16
TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA	17- 19
RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ	20
TUARASCÁIL INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS	21-22
RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS	23
RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ	24
RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ	25
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	26-45
CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE	46-48
CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA	49- 51
CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE	52-54



COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE

COISTE INFHEISTÍOCHTA

An Breitheamh Richard Johnson,
Uachtarán na hArd-Chúirte

An Breitheamh Katherine Delahunt
(Breitheamh na Cúirte Cuarda)

An Breitheamh Cormac Dunne
(Breitheamh na Cúirte Dúiche)

Sean Quigley,
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus Stiúrthóir Airgeadais

Noel D. Doherty,
An Cláráitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte

John Mahon,
An tSeirbhís Chúirteanna

Fintan Murphy,
Cláráitheoir an Chontae, Maigh Eo

John Molloy,
Príomhchléireach, Cúirt Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath

Jim Farrell,
Saineolaí Neamhspleách Seachtrach (ar leis an nGníomhaireacht um
Bainistiú an Státchiste Náisiúnta roimhe seo é) - D'éirigh sé as an 14 Iúil
2008

OIFIG CHLÁRAITHE

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
Teach an Fhionnuisce
15 – 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7.

BAINISTEOIR INFHEISTÍOCHTA

Bank of Ireland Asset Management
40 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4.

State Street Global Advisors
21 St. James Square
Londain SW1Y 4SS
An Ríocht Aontaithe.



**CAOMHNÓIR AGUS
RIARTHÓIR**

JP Morgan Admin Services (Éire) Ltd
JP Morgan House
IFSC
Baile Átha Cliath 1.

COMHAIRLEOIR INFHEISTÍOCHTA

Mercer Investment Consulting
Teach Charlotte
Sráid Charlemont
Baile Átha Cliath 2.

LEGAL ADVISORS

A & L Goodbody
IFSC
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1.

AUDITORS

Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte Teach Deloitte & Touche House
Ardán Earlsfort
Baile Átha Cliath 2.



FAISNÉIS CHÚLRA

NA CÚIRTEANNA AGUS CISTÍ CÚIRTE:

Tá ról caomhnóireachta ag na Cúirteanna i ndáil le cistí a thaisctear sa chúirt de bhun na nOrduithe Cúirte nó ag cloí leis na ceanglais reachtúla. Is í seo a leanas an phríomhreachtaíocht agus an fho-reachtaíocht a rialóidh fáil, bainistíocht agus infheistíocht na gcistí atá rialaithe ag an gcúirt:

- Acht Oifigigh Cúirte 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a rinneadh dá réir
- Rialacha na gCúirteanna Uachtaracha
- Rialacha na gCúirteanna Cuarda
- Rialacha na gCúirteanna Dúiche
- Áirítear leis na catagóirí cistí atá i seilbh na gCúirteanna, go príomha:
- Coimircithe Cúirte; taisctear sa Chúirt cistí na ndaoine a thugtar faoi choimirce
- Mionaoisigh; taiscfear na dámhachtainí airgeadais a bhronnann na Cúirteanna ar dhaoine faoi ocht mbliana déag d'aois sa Chúirt go dtí go dtagann siad i lán-aois. Sa chás go meastar go bhfuil gá le cúram fadtréimhseach, is féidir Coimircí Cúirte a dhéanamh de mhionaoiseach
- Lóisteálacha déanta ag Páirtithe le hImeachtaí Cúirte; féadfaidh duine atá páirteach in imeachtaí cúirte sibhialta airgead a lóisteáil sa chúirt agus iad ag féachaint d'éileamh duine eile atá páirteach sna himeachtaí a shásamh.
- Áirítear le cistí eile atá i seilbh na Cúirte:
- Cistí arna dtaisceadh ag Ceardchumann, Cuideachtaí Árachais agus Ceantálaithe
- Ábhair a bhaineann le hiontaobhaithe (fáltais na n-iontaobhas a n-ordaíonn an Chúirt go lóisteálfar iad sa chúirt) Díbhinn neamhéilithe i leachtuithe Cuideachta
- Fáltais ó cheannach éigeantach talún i gcás nach fios cé hé nó cé hí an tairbhí Lóisteálacha faoin Land Clauses Act 1845

Táthar chun Lár-Oifig Cistí a bhunú, faoi cheannas Feidhmeannaigh Ciste chun bainistíocht a dhéanamh ar gach ciste cúirte ar fud na tíre.



CUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS:

Bunaíodh Oifig an Chuntasóra agus post Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais go gairid i ndiaidh bhunú an Stáit, faoin Acht Oifigigh Cúirte 1926. Sonraítear san Acht go gcomhlíonfaidh an Cuntasóir cibé feidhmeanna a thabharfaidh nó a shannfaidh reacht nó rial na cúirte dó nó di, agus comhlíonfaidh sé nó sí agus gnóthóidh sé nó sí, go háirithe, i ndáil leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach agus an Príomh-Bhreitheamh, gach dualgas nó feidhm den sórt sin de réir mar a chomhlíon agus a ghnóthaigh Ard-Chuntasóir na Cúirte Uachtaraí Breithiúnais in Éirinn na dualgais agus na feidhmeanna sin i ndáil leis an gCúirt sin agus i ndáil le hArd-Seansailéar na hÉireann. Tá an Cuntasóir freagrach faoi láthair as bainistíocht agus infheistíocht cistí arb ionann iad agus €1.033 billiún.

Is éard atá i gceist leis na cistí a ndéanann an Cuntasóir bainistíocht orthu ná cistí a shealbhaítear faoi rialú na gCúirteanna agus a ndéantar bainistíocht orthu i gcáil mhuiníneach thar ceann na dtairbhíthe, lena n-áirítear catagóirí éagsúla dlíthíthe, daoine ar Coimircíthe Cúirte iad agus Mionaoisigh ar dhámhaigh na Cúirteanna damáistí orthu. Ceanglaíonn an dlí go n-infheisteofar cistí atá faoi rialú na gCúirteanna de réir an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na n-orduithe a dhéantar faoin Acht sin.



RÉAMHRÁ LE CATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais a chur i láthair i ndáil leis an mbliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2008.

Is bliain dhúshlánach do bhainistíocht na gCistí Cúirte a bhí sa bhliain seo. Bhí margaí airgeadais an domhain fíor-chorraitheach le linn an tréimhse atá faoi athbhreithniú. Bhí drochthionchar amach is amach aige seo ar fheidhmíocht na gCistí Cúirte. Tá titim thar cuimse nach bhfacthas le blianta fada tagtha ar na stocmhargaí. Is maith an rud go bhfuil codán suntasach (58.47%) de na cistí cúirte infheistithe i sócmhainní atá bunaithe ar airgead tirim - rud a rinne na cistí sin a leabú ó na héifeachtaí is measa a bhain le hiarmhairtí na géarchéime creidmheasa. Mar a fheicfidh tú ón tuarascáil, bhí meánthoradh de -4.23% (glan ar tháillí) ag feidhmíocht infheistíochta sna cúig straitéis ar fad sa tréimhse 12 mhí dar críoch an 30 Meán Fómhair 2008. Bhí na torthaí ó gach ciste idir 0.66% ar an gCiste Airgid Thirim Plus agus -1 7.04% ar an gCiste Fáis. Cé is moite de mhargaí airgeadais corraitheacha in 2008, tríd na straitéisí infheistíochta cliste atá leagtha amach sa tuarascáil seo a ghlacadh, tá an fheidhmíocht infheistíochta carnaí don chúig bliana atá caite fós an-dearfach.

Ba ionann infheistíochtaí iomlána arna mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra agus €1.033 billiún ag deireadh na bliana, méadú de €1 1 milliún ón mbliain roimhe sin.

Rinneadh dul chun cinn fíormhaith i rith na bliana chun aistriú cistí mionaoisigh a bhrú ar aghaidh ó na Cúirteanna Cuarda agus Dúiche, atá mar chuid den chlár nuachóirithe foriomlán do bhainistiú agus infheistiú na gcistí cúirte. Bhí na cistí ar fad nach mór aistrithe ag deireadh na bliana.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do ról lárnach an Uasail Jim Farrell a d'ímigh ar scor ón gCoiste i mí Iúil 2008. Mar dhuine de bhunaitheoirí an Choiste Infheistíochta, bhí ról lárnach maoisithe aige i bhforfheidhmiú socrúithe infheistíochta agus bainistíochta na gcistí cúirte le cúig bliana anuas.

Tháinig an Coiste Infheistíochta le chéile cúig huaire le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú agus déanann siad monatóireacht, i gcomhar lenár gcomhairleoirí infheistíochta ar fheidhmíocht infheistíochta agus comhlíonadh ginearálta le straitéisí infheistíochta. Leanfaidh an Coiste ar aghaidh ag lorg deiseanna chun luach breise a chur leis an infheistíocht agus a chinntiú go ndéanfar an cur chuige infheistíochta a chur i bhfeidhm chun leasa na dtairbhíthe. Ar an ábhar seo, cuireadh athbhreithniú mór i gcrích ar gach gné de bhainistíocht agus d'infheistíocht na gcistí cúirte in 2008 agus d'fhaomh an Coiste Infheistíochta é. Tá moltaí na tuarascála á bhforfheidhmiú i láthair na huaire.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil as rannchur iontach na foirne in Oifig an Chuntasóra ar feadh na bliana.

Richard Johnson

Uachtarán na hArd-Chúirte
Cathaoirleach an Choiste Infheistíochta



AN COISTE INFHEISTÍOCHTA

Is iad na breithiúna, oifigigh chúirte le freagrachtaí cinnteoireachta infheistíochta, an Stiúrthóir Airgeadais agus saineolaí neamhspleách atá ar an gCoiste Infheistíochta. Is é Uachtarán na hArd-Chúirte cathaoirleach an Choiste. Tá ról comhairleach ag an gCoiste agus is í an phríomhfheidhm atá aige ná beartas infheistíochta a chur le chéile do chistí Cúirte agus maoirseacht a dhéanamh ar mholtaí thuarascáil Mercer chomh maith le comhlíonadh le húsáid na gcleachtas is fearr i mbainistiú na gcistí cúirte a chinntiú.

Buaileann an Coiste le chéile ar bhonn ráithiúil agus is é seo a leanas a bhallraíocht:



An tOnórach, An Breitheamh
Richard Johnson

Uachtarán na hArd-Chúirte nó breitheamh den Ard-Chúirt Arna ainmniú ag an Uachtarán



A hOnóraigh, An Breitheamh
Katherine Delahunty

Uachtarán na Cúirte Cuarda nó breitheamh den Chúirt Cuarda Arna ainmniú ag an Uachtarán



An Breitheamh **Cormac Dunne**

Uachtarán na Cúirte Dúiche breitheamh den Chúirt Dúiche Arna ainmniú ag an Uachtarán



An tUas. **Sean Quigley**

Cuntasóir na gCúirteanna Breitheamh/Stiúrthóir Airgeadais na Seirbhíse Cúirteanna




An tUas. **Noel D. Doherty**

An Cláraitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte



An tUas. **John Mahon**

An Cláraitheoir Cúnta Sinsearach, Oifig na gCoimircithe Cúirte



An tUas. **Fintan Murphy**

Cláraitheoir Contae arna ainmniú ag an Oifigeach Príomhfheidhmiúcháin



An tUas. **John Molloy**

Príomh-Chléireach ón gCúirt Dúiche arna ainmniú ag an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin i gcomhairle le le hUachtarán na Cúirte Dúiche



An tUas. **Jim Farrell**


Saineolaí Neamhspleách Seachtrach, ar leis an nCníomhaireacht um Bainistiú an Státchiste Náisiúnta roimhe seo é



TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Tháinig méadú ar shócmhainní iomlána arna mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra go dtí €1.033 billiún ag deireadh mhí Mheán Fómhair na bliana 2008, suas €11m ón mbliain roimhe sin. As na sócmhainní iomlána faoi bhainistiú na hOifige, infheistíodh €952m i gCistí Speictrim arna mbunú i mí na Nollag 2003 mar chuid den chlár nuachóirithe le haghaidh bainistiú agus infheistiú na gcistí cúirte. Tá an méadú ar luach na sócmhainní arna mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra go dtí €1.033 billiún amhail an 30 Meán Fómhair 2008 ó €1.022 billiún amhail an 30 Meán Fómhair 2007 inchurtha i leith méadú €86m (.i. rófháltais os cionn diúscairtí) agus glanlaghdú, lena n-áirítear caillteanais neamhréadaithe de €88m, sna cistí cúirte ó ghníomhaíochtaí infheistíochta de €75m. Sa tréimhse a chlúdaíonn na cuntais seo, ba ionann na gnóthachain réadaithe iarbhir ar infheistíochtaí agus €10.164m. Bhí an meántoradh infheistíochta do chistí speictrim don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2008 cothrom le -4.23% (glan ar tháillí) (2007: +3.94%). Ba é an fachtóir suntasach eile a chuir leis an méadú ar shócmhainní ná an t-aistriú iomlán ar chistí mionaosigh ó na Cúirteanna Dúiche i rith na bliana agus ar chistí ó Oifigí na Cúirte Cuarda, agus gan ach méid bheag cistí á n-aistriú ag deireadh na bliana. Ag deireadh na bliana bhí €100 milliún ó Chúirteanna Cuarda agus €4 milliún ó Chúirteanna Dúiche san áireamh sna sócmhainní iomlána a bhí faoi bhainistiú na hoifige. Bhí drochthionchar ag an ngéarchéim creidmheasa fophríomha agus ag na margaí airgeadais corraitheacha ar fheidhmíocht infheistíochta na bliana i gcás na gcistí ar fad. Bhí feidhmíocht idir 2.03% (Ciste Airgid Thirim) agus -17.04% (Ciste Fáis) glan ar tháillí mar atá léirithe i dTábla 1 thíos. Léiríonn Tábla 1 feidhmíocht infheistíochta carnaí na gcistí óna dtús i mí na Nollag 2003 agus feidhmíocht na bliana faoi athbhreithniú. Bunaíodh an Ciste Airgid Thirim i mí an Mheithimh 2006. Tá sé tábhachtach an fheidhmíocht infheistíochta atá curtha in iúl a chur i gcomhthéacs na ráiteas airgeadais reatha. Cé is moite de thionchar na feidhmíochta infheistíochta le 12-18 mhí anuas, toisc corraitheacht na margaí airgeadais, bhí feidhmíocht infheistíochta carnaí na gcistí ar fad dearfach. Ó bhunú na gcistí aonadaithe nua i mí na Nollag, bhí leibhéal na hinfeistíochta carnaí idir 12.30% don Chiste Airgid Thirim Plus agus 22.89% don Chiste Fáis.

**Tábla 1 – Feidhmíocht Ciste (Glan ar Tháillí)
Infheistíocht i gCiste Speictrim**



● Óna Thionscnamh i Leith
(Nollaig 03 - Meán Fómhair 08)

● Bliain go dáta



Tá an laghdú ar luach na gcistí cúirte atá tuairiscithe don tréimhse dar críoch 30 Meán Fómhair bunaithe ar luach margaidh na sócmhainní atá coinnithe. I bhfocail eile, ní raibh caillteanas réadaithe ann toisc laghdú ar luach.

Bhí drochthionchar ag an gcorraitheacht ar mhargaí airgeadais an domhain ar fheidhmíocht infheistíochta na gcistí cúirte le linn an tréimhse faoi athbhreithniú. Bhí codán suntasach na gcistí cúirte (58.47% de Chistí Speictrim) infheistithe i sócmhainní bunaithe ar airgead tirim - rud a rinne na cistí sin a leabú ó na héifeachtaí is measa a bhain le hiarmhairtí na géarchéime creidmheasa. Ar an iomlán, níor infheistíodh ach 20.2% de chistí cúirte i margaí cothromais agus tá an laigeacht seo fritháirithe i bpáirt trí thorthaí dearfacha ó airgead tirim agus bannaí.

Bhí feidhmíocht infheistíochta sásúil ar an iomlán, faoi chúinsí na linne seo, le meántorthaí bliantúla foriomlán na straitéisí ar fad cothrom le -4.23% (glan ar tháillí) sa tréimhse 12 mhí dar críoch 30 Meán Fómhair 2008. Déanann sé seo comparáid fabhrach leis an meántoradh pinsin ar chiste bainistithe de -25.3% don tréimhse chéanna. Lean an luaineacht sin ar aghaidh tar éis deireadh na bliana agus táthar ag súil go rachaidh sí i bhfeidhm ar fheidhmíocht infheistíochta sa chéad thréimhse airgeadais eile. Tá feidhmíocht na gcistí cúirte sa bhliain 2008 mar thoradh sásúil i gcomhthéacs foriomlán na luaineachta nach beag sna margaí airgeadais féin.

Tá sé beagnach cúig bliana ó infheistíodh cistí cúirte den chéad uair faoi shocruithe infheistíochta nua a cuireadh i bhfeidhm in 2003. Dá réir sin, chuir an Coiste Infheistíochta tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar gach gné de bhainistiú agus infheistiú chistí na cúirte. Cuireadh an t-athbhreithniú seo i gcrích i mí Iúil 2008 agus is é Mercer a rinne é. Tá príomh-mholtaí na tuarascála glactha ag na Coistí Infheistíochtaí agus Airgeadais agus ag Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Beidh na moltaí seo ríthábhachtach do chur chuige na Seirbhíse Cúirteanna a chinneadh maidir le hinfeistíocht na gcistí cúirte sna cúig bliana amach romhainn.

I rith na bliana, chuir an Coiste Infheistíochta téarmaí an Chláir Iasachta Urrús i gcrích le Bank of Ireland Asset Management (BIAM) chun ioncam breise a ghiniúint do thairbhíthe na gcistí cúirte. Mar sin féin, díreach roimh an 30 Meán Fómhair 2008, cuireadh an clár Iasachta Urrús ar fionraí toisc éagobhsaíocht sna margaí airgeadais agus éagobhsaíocht ar mhargaí an domhain i láthair na huaire.

Leanaimid orainn ag monatóireacht fheidhmiú Oifig an Chuntasóra ar bhonn rialta, ag lorg deiseanna chun seirbhís don chustaiméir agus feidhmíocht a fheabhsú. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn maith ó thaobh úsáid a bhaint as ríomhaistriú airgid (EFT) agus tá sé beartaithe síneadh a chur le húsáid ríomhaistrithe airgid in 2009. Amhail an 30 Meán Fómhair 2008, bhí 47% (2007:48.5%) d'íocaíochtaí eisithe trí EFT.

Próiseáladh breis is 61,000 idirbheart airgeadais i rith na bliana (56,000 sa bhliain dar críoch 2007 Meán Fómhair 2007), le luach airgid níos mó ná €929m (€776m sa bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007), laistigh d'Oifig an Chuntasóra. Léirigh sé sin méadú 9% ar líon na n-idirbheart próiseáilte, a thagann den chuid is mó ón ualach oibre méadaithe ó dhul i gceann chistí na Cúirte Cuarda agus Dúiche agus chásanna an Bhoird Shásaimh.




LEITHDHÁILEADH SÓCMHAINNE:

Glacann an cinneadh infheistíochta imthosca gach tairbhí san áireamh, agus leithdháiltear iad ar cheann amháin de na straitéisí infheistíochta ar bhunús roinnt critéar, lena n-áirítear;

- aois an tairbhí
- ionchas saoil
- an tsuim le hinfheistiú
- boilsciú, agus
- leibhéal an chaiteachais bhliantúil a bhfuiltear ag súil leis, de réir mar is cuí

Tacaíonn uirlis samhaltaithe infheistíochta leis an bpróiseas cinnteoireachta leithdháilte. Déantar gach cás a athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil, agus féadfar an straitéis a athrú dá réir má athraíonn cúinsí an tairbhí féin. Bunaithe ar fheidhmiú na gcritéar sin is amhlaidh sa chairt seo a leanas, Tábla 2, a fheictear leithdháileadh cistí i leith gach aon straitéise a bhí i seilbh na dtrí dhlíne ag deireadh mí Mheán Fómhair 2008.


Tábla 2 - Leithdháileadh Infheistíochta le Cistí 30 Meán Fómhair 2008





Maidir leis na Cistí BIAM, léirítear na bunaicmí sócmhainní a n-infheistítear na cistí iontu i dTábla 3.

Tábla 3 - Leithdháileadh Aicme Sócmhainne do Chistí BIAM



Tugtar cuntas i dTábla 4 thíos ar an meascán sócmhainní a bhaineann leis na cúig straitéis.

Tábla 4 - Meascán Sócmhainní na gCistí Speictrim

Aicme Sócmhainní an Chiste Speictrim	Airgead Tirim Straitéis 0	Ciste Airgid Thirim Plus Straitéis 1	Ciste Banna Plus Straitéis 2	Ciste Comhardaithe Straitéis 3	Ciste Fáis Straitéis 4
Airgead Tirim	100%	80%	40%	20%	0%
Bannaí		15%	30%	32%	35%
Cothromais Euro		2.5%	15%	24%	32.5%
Cothromais Dhomhanda seachas Euro		2.5%	15%	24%	32.5%
Iomlán	100%	100%	100%	100%	100%



CISTÍ INFHEISTÍOCHTA

Tugtar cuntas thíos ar phróifíl priacail gach Ciste Speictrim:

STRAITÉIS 0 - CISTE AIRGEAD TIRIM SPEICTRIM:

Is í seo an straitéis is ísle priacail atá ar fáil sa tSeirbhís Chúirteanna agus í ceaptha den chuid is mó dothairbhíthe a bhfuil léaslínthe infheistíochta gearrthéarmacha acu.

STRAITÉIS 1 - CISTE AIRGEAD TIRIM PLUS:

Straitéis ar bheagán priacail is bonn leis an gCiste Airgead Tirim Plus, arb í an aidhm atá leis sa chéad dul síos luach an chaipitil a choinneáil slán ach go bhféadfadh sé freisin brabach a thabhairt isteach de bhreis ar shócmhainní airgid.

STRAITÉIS 2 - CISTE BANNA SPEICTRIM PLUS:

Is é cuspóir na straitéise seo cobhsaíocht na suime caipitil a chinntiú, agus leibhéal measartha ioncaim a sholáthar don tairbhí.

STRAITÉIS 3 - CISTE COMHARDAITHE SPEICTRIM:

Deartar an Ciste Comhardaithe chun teaghlaim idir ioncam réasúnta agus fás caipitil fhuaimintiúil a bhaint amach thar an meántéarma agus an fadtéarma. Tá ábhar cothromais 48% ag an gciste sin agus féadfaidh torthaí teacht faoi réir éagsúlachtaí margaidh agus an baol atá ann go dtiocfaidh laghdú ar an luach, go háirithe thar thréimhsí gearrthéarmacha.

STRAITÉIS 4 - CISTE FÁIS SPEICTRIM:

Deartar an Ciste Fáis den chuid is mó chun luachmhéadú caipitiúil a ghiniúint agus leibhéal ard den rialú priacail a choinneáil ag an am céanna. Tá ábhar cothromais 65% ag an gciste sin agus féadfaidh torthaí teacht faoi réir éagsúlachtaí margaidh, go háirithe thar thréimhsí gearrthéarmacha. Ní infheisteofaí na cistí sa chiste seo dá réir sin ach amháin má tá léaslíne ama infheistíochta réasúnta fada i gceist.




CUR CHUIGE INFHEISTÍOCHTA

Baineann bainistíocht bannaí agus cothromas ar bhonn fulangach leis an straitéis infheistíochta arna glacadh ag an tSeirbhís Chúirteanna, leis an airgead tirim á bhainistiú ar bhonn gníomhach. Is comhbhainisteoirí ciste iad Bank of Ireland Asset Management (BIAM) agus State Street Global Advisors (SSgA).

Bhunaigh BIAM an struchtúr infheistíochta seo a leanas (Tábla 5) mar fhreagra ar na ceanglais infheistíochta do chistí cúirte agus le faomhadh Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann:


Tábla 5 - Struchtúr Infheistíochta



Infheistíonn na tairbhíthe sna cistí speictrim (aibhsithe sa ghorm) mar chuid den Iontaobhas Aonaid Speictrim BIAM i dTábla 5. Infheistíonn na cistí sin ina dhiaidh sin sna cistí sonracha margaidh faoina mbun (aibhsithe i ndath an uachtair) sna comhréireanna a bhfuil cuntas orthu i dtábla 4. Infheistítear 100% den Chiste Airgid Thirim sa Chiste Airgid Thirim Euro BIAM GRU.



Léiríonn an léaráid seo a leanas an difríocht idir na cúig chiste infheistíochta de réir priacail agus toraidh.



BAINISTÍOCHT NA GCISTÍ CÚIRTE:

Is forbheathnú é an méid seo a leanas ar na socruithe rialachais agus bainistíochta atá i bhfeidhm i ndáil le cistí na cúirte:

Coiste Infheistíochta: Bunaíodh Coiste Infheistíochta sa bhliain 2002 le maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na socruithe ar thug an Bord faomhadh dóibh maidir le bainistiú agus infheistiú chistí na cúirte. Is éard atá i mballraíocht an Choiste ná ionadaithe na mbreithiúna, na n-oifigeach cúirte atá freagrach as cistí cúirte agus saineolas seachtrach neamhspleách. (Féach ballraíocht an Choiste ar leathanach 7). D'éirigh an tUasal Jim Farrell as an gcoiste ar an 14 Iúil 2008. Ceapadh na comhaltaí nua seo a leanas ar an gCoiste Infheistíochta ar an 20 Deireadh Fómhair 2008; an tUasal Denise Mullins, Ceann Oifig na gCistí Cúirte, an tUasal John Corrigan, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an tUasal Paul Farrell, Saineolaí Infheistíochta. Tagann an Coiste le chéile go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón Stiúrthóir Airgeadais, comhairleoirí infheistíochta agus bainisteoirí cistí.

Comhairleoirí Infheistíochta: D'fhostaigh an tSeirbhís Chúirteanna seirbhísí Mercer Investment Consulting, mar chomhairleoirí neamhspleácha infheistíochta chun comhairle a thabhairt faoi nithe a bhaineann le bainistiú agus infheistiú na gcistí cúirte.



Bainisteoirí Ciste: Cheap an tSeirbhís Chúirteanna Bank of Ireland Asset Management agus State Street Global Advisors mar chomhbhainisteoirí ciste, tar éis cleachtadh iomaíoch tairisceana, de réir rialacháin soláthair an AE.


Iniúchadh Seachtrach: Cuireadh socruithe i bhfeidhm go gairid tar éis bhunú na Seirbhíse Cúirteanna sa bhliain 1999 d'iniúchadh na gcistí arna mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra. Is iad Deloitte and Touche na hiniúcháirí reatha.

Iniúchadh Inmheánach: Tagann bainistiú na gcistí cúirte faoi réir iniúchta ag ár nAonad Iniúchta Inmheánaigh.

Bainistíocht Riosca: Is amhlaidh mar chuid den bheartas agus den chreatlach bainistíochta riosca arna gcur i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna a thagann cistí cúirte faoi réir monatóireachta agus athbhreithnithe rialta chun a chinntiú go mbainistítear gach mór-phriacal go leordhóthanach.

Lár-Oifig na gCistí: Tar éis athruithe a rinneadh ar Rialacha na Cúirte Cuarda agus Dúiche, is leis an gCuntasóir anois an t-údarás dlíthiúil chun cistí a bhainistiú agus a infheistiú ón dá dhlíne sin, faoi réir an ordaithe cúirte iomchuí a bheith déanta. Cuireadh tograí reachtúla faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun Lár-Oifig Cistí a bhunú, a dhéanfaidh foráil, i measc rudaí eile, d'iniúchadh na gcistí sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann in Oifig an Chuntasóra as ucht an tsaothair den scoth a rinneadh i gcaitheamh na bliana agus a rannchuir le seirbhís éifeachtúil a sheachadadh do mheascán éagsúil cliant, ar cliaint leochaileacha go leor acu. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht a thug na haonaid ghnó eile sa tSeirbhís Chúirteanna agus do na soláthraithe seirbhíse seachtracha a chumasaigh Oifig an Chuntasóra chun a cuid cuspóirí a bhaint amach i rith na bliana.



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

9th Feabhra 2009



RÓL OIFIG NA GCOIMIRCITHE CÚIRTE

Baineann líon suntasach cistí a ndéanann an Cuntasóir bainistíocht orthu le daoine ar coimircithe cúirte iad agus a ndéanann Oifig na gCoimircithe Cúirte bainistíocht ar a gcuid gnóthaí. Is forléargas gairid é an méid seo a leanas ar shaothar na hOifige.

Tá go leor daoine ann a chailleann a gcumas, mar thoradh ar thinneas nó timpiste, chun cinntí a dhéanamh dóibh féin; tá go leor daoine eile a bheirtear faoi mhíchumas intleachtúil agus nach mbeidh in ann aire a thabhairt dá ngnóthaí féin choíche.

Déanann córas na gCoimircithe Cúirte éascaíocht do chinnteoireacht ionadach a dhéanamh ionas go bhféadfaidh an Chúirt an chinnteoireacht a dhéanamh a bhfuil gá leis ar mhaithe le cosaint an duine agus maoin na ndaoine sin nach bhfuil lánchumas meabhrach iontu. Is é bunphrionsabal na dlínse Coimircíochta ná go bhfeidhmíonn an Chúirt ar an mbealach céanna agus a d'fheidhmeodh tuismitheoir stuama maidir le leas linbh.

Ní chuireann reacht aon teorainn ar an dlínse Choimircíochta, cé go ndéanann reachtaíocht agus rialacha cúirte foráil di, agus is dlínse í a fheidhmíonn an Chúirt faoi réir fhorálacha an Bhunreachta amháin. Dá bhrí sin, tá cumhachtaí agus dualgais fhorleathana ag an gCúirt i ndáil le daoine faoi mhíchumas. Tá Uachtarán na hArd-Chúirte freagrach as an dlínse agus, dá réir sin, tá an fhreagracht air nó uirthi as gnóthaí na gCoimircithe Cúirte a bhainistiú. Tarmligeann sé

freagracht na gnáthbhainistíochta ar an gCláraitheoir agus ar fhoireann Oifig na gCoimircithe Cúirte. Ceapann an Chúirt Coiste, atá mar bhall de theaghlach an Choimircí de gnáth, agus iarrtar airsean moltaí a dhéanamh maidir le hábhair ar nós leas agus maoin an Choimircí agus a n-ionad cónaithe amach anseo.

Tagann Coimircíocht chun cinn i gcásanna ina mbíonn maoin ag duine atá faoi mhíchumas, ar gá í a chur in oiriúint ar mhaithe lena chothabháil nó a chothabháil agus a leas. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go gcaithfí teach a dhíol nó cistí a aistarraingt ó chuntas bainc chun íoc as cúram tí altranais. Lóisteáiltear cistí le Coimircithe sa Chúirt i ndiaidh cuntais bhainc a dhíol nó a dhúnadh, agus coinnítear iad faoi rialú Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Tá an Cuntasóir freagrach as seirbhísí cuntasáíochta agus infheistíochta a chur ar fáil thar ceann na gCoimircithe Cúirte. Cinneann an Cláraitheoir an straitéis infheistíochta chuí do gach cás. Déanann an Cláraitheoir an cinneadh maidir leis an straitéis chuí, ag féachaint do shócmhainní an Choimircí agus a chuid nó a cuid riachtanas leanúnach airgeadais. Infheistítear na cistí sin ionas go ndéanfaidh siad foráil, de réir mar is féidir, do na riachtanais sin don chuid eile de shaol an Choimircí.

Glactar mionaoisigh, ar daoine faoi ocht mbliana déag d'aois iad faoi Choimircíocht uaireanta. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh nuair atá an mionaoiseach i dteideal suim shuntasach airgid a d'eascair as dámhachtain Chúirte nó as oidhreacht. Déantar na cistí a infheistiú, arís, de réir chinneadh an Chláraitheora i gceann amháin de na ceithre straitéis. Déantar íocaíochtaí rialta le tuismitheoirí nó caomhnóirí an mhionaoisigh. Tá an mionaoiseach i dteideal fuílleach na gcistí a fháil agus ocht mbliana déag d'aois bainte amach aige, mura bhfuil fianaise leighis ann a léiríonn éagumas meabhrach.



TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA

PERFORMANCE OF GRU FUNDS (YEAR ENDED 30 SEPTEMBER 2008)

	Ciste Airgid Thirim Euro BIAM GRU	Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU	Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU	Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU
Toradh Punainne	2.13%	3.86%	-29.82%	-23.66%
Toradh Tagarmharcála	2.13%	-3.83%	-0.20%	-23.73%
Difríocht	0.00%	+0.03%	+0.38%	+0.07%

FEIDHMÍOCHT NA gCISTÍ SPEICTRIM (DON BHLAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008)

	BIAM Airgead TirimCiste Plus	BIAM Banna Ciste Plus	BIAM Comhar- daithe Ciste	BIAM Méadúcháin Ciste
Portfolio Return	0.81%	-6.73%	-12.08%	-16.85%
Benchmark Return	0.81%	-6.88%	-12.25%	-17.08%
Difference	0.00%	+0.15%	+0.18%	+0.23%

DÁILEADH NA gCISTÍ SPEICTRIM AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	Ciste Airgid Thirim Euro BIAM GRU	Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU	Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU	Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU
Ciste Speictrim				
Ciste Airgid Thirim Plus BIAM	79.71%	15.68%	2.23%	2.37%
Ciste Banna Plus BIAM	40.32%	31.63%	13.39%	14.66%
Ciste Comhardaithe BIAM	20.40%	34.00%	21.76%	23.84%
Ciste Fáis BIAM	0.00%	37.63%	29.89%	32.48%

Nótaí: Tá feidhmíocht na gCistí Speictrim comhlán ar tháille bainistíochta.

Tá BIAM tar éis coigeartú a dhéanamh ar na tagarmharcanna FTSE do Chiste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro BIAM GRU agus do Chiste Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU i gcomhair cháin shiarchoinneálach dhíbhinne do-athfhála. Foinsé: Datastream. Is trádmharc é “FTSETM” de chuid London Stock Exchange Plc agus Financial Times Limited agus baineann FTSE International Limited úsáid as faoi Cheadúnas.



CISTE AIRGID THIRIM EURO BIAM GRU

Is tréimhse 12 mhí fíor-chorraitheach a bhí ann ar na margaí airgeadais toisc gur thug an ghéarchéim creidmheasa domhanda, a thosaigh i margadh morgáiste fophríomha na SA, cailteanais ollmhóra do bhainc ceannasacha agus chonacthas réamh-mheastacháin d'fhás domhanda ag titim go seasta de réir mar a chuaigh an tréimhse ar aghaidh. Sa timpeallacht luaineach seo, tháinig fás ar éileamh na sócmhainní ioncaim sheasta. Bhí cailteanais agus leaganacha anuas ar fiú \$600 billiún iad ó institiúidí airgeadais ceannasacha domhanda - rinneadh airgead tirim a chuileáil agus rinne na bainc ceannais suimeanna móra leachtachta a chur isteach sna córais bhaincéireachta dá bharr. Chuir an Cúlchiste Feidearálach tús le beartas airgeadaíochta ionsaitheach, le rátaí ag titim de 375 bunphointí carnacha sa tréimhse ó 4.75% go dtí 2%.

Chuir an ghéarchéim creidmheasa, agus lagtrá tithíochta tromchúiseach, leis an imní a bhí ann go raibh na SA ag dul i dtreo chúlú eacnamaíochta. Tháinig laghdú suntasach ar bhunúsáigh, agus poist á gcailleadh san eacnamaíocht den naoú mí as a chéile i mí Mheán Fómhair 2008. D'fhan an eacnamaíocht i limistéar an Euro athléimneach don chéad leath den bhliain sular thosaigh sonraí eacnamaíochta níos laige ag teacht chun cinn ar bhonn níos rialta, agus cúngú 0.2% sa dara ráithe. Mar sin féin, toisc imní boilscithe i mBealtaine/Meitheamh le praghas ola agus earraí eile ag méadú, chinn an Banc Ceannais Eorpach rátaí úis a ardú de phointe aon ceathrú faoin gcéad go dtí 4.25%.

Chuir cliseadh Lehman Brothers i mí Mheán Fómhair tús le fuadar ó rialtais chun tacaíocht a sholáthar don chóras baincéireachta, nuair a thit scaireanna go tubaisteach le himní go bhféadfadh bainc a bhí ag brath ar mhargaí airgid mórdhíola mar fhoinse maoinithe teipeadh freisin - de réir mar a tháinig deireadh le margaí creidmheasa go hiomlán. Bhí rátaí iasachta idir-bhainc i bhfad níos airde i Meán Fómhair le rátaí trí mhí Euribor ag sroicheadh 5.27% ag deireadh na míosa - 100 bunphointe os cionn ráta an Bhanc Ceannais Eorpaigh na huair.

Bhí cinneadh an Bhanc Ceannais Eorpaigh na rátaí úis a fhágáil gan athrú i Meán Fómhair míthráthúil ag breathnú siar, ach d'admhaigh an tUachtarán Trichet gur phléigh lucht déanta beartas féidearthachtaí maidir le rátaí a ghearradh. Chonacthas sa mhargadh gur comhartha é seo go mbeidh rátaí limistéar an Euro ag titim sna míonna amach romhainn. Cé go ndearna an ghéarchéim airgeadais thromchúiseach beag de mhórán forbairtí maicreacnamaíochta, ní fhéadfaí éalú ón treocht i limistéar an Euro a léirigh sonraí eacnamaíochta ag lagú go gasta. Bhí titim i muinín tomhaltóirí agus i gcúrsaí gnó, bhí crapadh níos mó i gcúrsaí déantúsaíochta ná mar a bhíothas ag súil leis, agus bhí dífhostaíocht ard le sonrú.

Bhí méadú ollmhór i ndochma priacail i measc infheisteoirí i bhfianaise chliseadh Lehman Brothers agus náisiúnú Fannie Mae/Freddie Mac agus AIG. Ag tráth amháin, bhí an t-éileamh ar Bhillí Stáitchiste SA trí mhí ar bealach a thug toradh 0.02%— an toradh is ísle ó Eanáir 1941. Dá thoradh, leathnaigh raoin chreidmheasa i rith na míosa agus bhí an margadh eisiúna nua dúnta go bunúsach.

Cé gur mhéadaigh ionchais faoi laghdú i rátaí an bhainc ceannais i Meán Fómhair, bhí siad seo fritháirithe ag leathnú suntasach ar phríomh chreidmheasa do phriacal bainc toisc ró-bhrú maoinithe ag deireadh an ráithe. Cé nach bhfuil ag an bpunann ach airgeadais cáilíochta FRN, ba



Í an earnáil seo go háirithe a chonaic laigeacht shuntasach mar chuaigh an suaitheadh a bhain cliseadh Lehman as infheisteoirí creidmheasa i bhfeidhm go mór ar chúrsaí muiníne. Bhí na torthaí níos laige ná mar a bhí súil leis dá thoradh.

CISTE BANNA LIMISTÉAR AN EURO BIAM GRU

Is é Innéacs Banna Díreach Rialtais EMU 5 Bliana+ Merrill Lynch an tagarmharc don chiste seo. Bainistítear an ciste go héighníomhach i gcoinne an tagarmhairc sin. Ba é 3.83% an toradh tagarmharcála don 12 mhí faoi athbhreithniú. Ba é 3.86% feidhmíocht an chiste don tréimhse. Bhain rófheidhmíocht leis an gCiste le hais an tagarmhairc le 3 bhonnphointe.

CISTE COTHROMAIS AN DOMHAIN SEACHAS LIMISTÉAR AN EURO BIAM GRU

Is é Innéacs FTSE an Domhain seachas Bloc an Euro an tagarmharc don chiste seo. Bainistítear an ciste go héighníomhach i gcoinne an tagarmhairc sin. Ba é -23.73% an toradh tagarmharcála don 12 mhí faoi athbhreithniú. Ba é -23.66% feidhmíocht an chiste don tréimhse. Bhain rófheidhmíocht leis an gCiste le hais an tagarmhairc le 7 bhonnphointe. Tá na sonraí feidhmíochta glan ar chostais coimeádta agus eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaithe agus iniúchóireachta. Is é an toradh Innéacs FTSE ábhartha an toradh tagarmharcála, arna choigeartú ag BIAM don cháin shiarchoinneálach dho-athfhála. Ba é -23.48% an t-olltoradh tagarmharcála don tréimhse.

CISTE GRU COTHROMAIS LIMISTÉAR AN EURO BIAM

Is é Innéacs FTSE Bhloc an Euro an tagarmharc don chiste seo. Bainistítear an ciste go héighníomhach i gcoinne an tagarmhairc sin. Ba é -30.20% an toradh tagarmharcála don 12 mhí faoi athbhreithniú. Ba é -29.82% feidhmíocht an chiste don tréimhse. Bhain rófheidhmíocht don Chiste le hais an tagarmhairc le 38 bhonnphointe. Tá na sonraí feidhmíochta glan ar chostais coimeádta agus eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaithe agus iniúchóireachta. Is é an toradh Innéacs FTSE ábhartha an toradh tagarmharcála, arna choigeartú ag BIAM don cháin shiarchoinneálach dho-athfhála. Ba é -29.62% an t-olltoradh tagarmharcála don tréimhse.

Bank of Ireland Asset Management Limited

Samhain 2008



RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

Bunaíodh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus post an Chuntasóra faoi Alt 15 agus 16 faoi seach de chuid an Acht Oifigigh Cúirte 1926. Ní foláir don Chuntasóir trí Ordú 77, Riail 83 de Rialacha na nUaschúirteanna cuntas a ullmhú ar an 31 Márta nó roimhe sin, cuntas a léiríonn suim iomlán na gcistí a íocadh nó a aistríodh chuig an gCúirt agus ón gCúirt sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair le linn na bliana roimhe sin. Ní mór go léireodh an cuntas comhardú na gcistí sa Chúirt ag tús na bliana agus ag deireadh na bliana freisin. Éilítear go gcuirfí cóipeanna de na cuntais ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus chuig an Aire Airgeadais. Leagtar amach an bunús ullmhúcháin agus na beartais chuntasafóchta ar leathanach 26.

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN GCÓRAS RIALÚCHÁIN AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Aithníonn an Cuntasóir an fhreagracht atá air a chinntiú go ndéantar cothabháil ar chóras éifeachtach rialúcháin airgeadais inmheánaigh i ndáil le feidhmiú Oifig an Chuntasóra.

Ní féidir leis an gcóras ráthú absalóideach a thabhairt, ach is féidir ráthú réasúnach a thabhairt go dtugtar cosaint do shócmhainní, go n-údaráítear agus go dtaifeadtar idirbhearta agus go gcosctar earráidí nó neamhrialtachtaí nithiúla nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Eochair-Nósanna Imeachta Rialála

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- bunaíodh nósanna imeachta chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá róil agus freagrachtaí sainmhínithe soiléire i bhfeidhm
- tá nósanna imeachta ann chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú don Choiste Infheistíochta, don Choiste Airgeadais agus don Choiste Iniúchta agus chun a chinntiú go dtugtar faoi ghníomh ceartaitheach

Tá feidhm inmheánach iniúchóireachta ann, faoi na socruithe rialúcháin a bhunaigh Bord na Seirbhíse Cúirteanna, agus oibríonn an fheidhm sin laistigh de chairt cheadaithe. Ceann d'eochairfheidhmeanna an aonaid iniúchta inmheánaigh is ea tuairisciú a dhéanamh i leith leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialúcháin inmheánaigh a oibríonn Oifig an Chuntasóra.

Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais



TUARASCÁIL INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2008, iniúchadh a chuimsíonn an Ráiteas maidir le Sócmhainní agus Dlíteanais, an Ráiteas maidir le hOibríochtaí agus an Ráiteas maidir le hAthruithe sna Glansócmhainní agus na nótaí gaolmhara 1 go 15. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na mbeartas cuntasaíochta a leagadh amach ann.

Is don Chuntasóir agus é sin amháin a ullmhaítear an tuarascáil seo, de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83. Tugadh faoinár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimid na hábhair sin nach foláir dúinn a lua i dtuarascáil iniúchóirí a lua leis an gCuntasóir agus chun na críche sin amháin. A mhéad is mó a cheadaítear de réir dlí, ní ghlacaimid ná ní chuirimid freagracht orainn sa mhéid is iomláine agus is féidir as aon duine seachas an Cuntasóir as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí a cheapamar.

FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA AGUS NA NINIÚCHÓIRÍ FAOI SEACH

Is é an Cuntasóir atá freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear, de réir mar a leagtar amach i Ráiteas Freagrachtaí na gCuntasóirí, ullmhú na ráiteas airgeadais de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83. Tá sé mar fhreagracht orainn, mar iniúchóirí neamhspleácha, na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir riachtanais dlí agus rialála ábhartha agus Caihdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (RA agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim duit cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an n-ullmhaítear go cuí iad de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83.

Léamar an fhaisnéis eile sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain thuas de réir mar a chuirtear síos uirthi sa chláir ábhar, agus rinneamar measúnú ar cibé an dtagann sí leis na ráitis airgeadais iniúchta. Measaímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara aon mhíríteas ná aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

AN BUNÚS LEIS AN TUAIRIM INIÚCHTA

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaihdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta a eisíonn an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh imscrúdú, ar bhonn trialach, d'fhianaise ar ábhartha í do na méideanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais. Áirítear leis freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, agus cibé an n-oireann na beartais cuntasaíochta d'imthosca Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, arna bhfeidhmiú go comhsheasmhach agus arna nochtadh go leordhóthanach.

Rinneamar pleanáil dár n-iniúchadh agus thugamar faoi d'fhonn an fhaisnéis agus na sainmhínte go léir, faisnéis agus sainmhínte a mheasamar a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dúinn le dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise, nó neamhrialtachta nó earráide eile. Le teacht ar ár dtuairim, rinneamar meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais.



TUAIRIM

Is í an tuairim atá againn go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amhail an 30 Meán Fómhair 2008 agus ar a toradh don bhliain dar críoch an dáta sin agus gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83.

Tá an fhaisnéis agus na sainmhínte go léir a bhfuil gá leo chun críche ár n-iniúchta faighte againn. Is í an tuairim atá againn ná gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tagann an ráiteas maidir le sócmhainní agus dliteanais agus an ráiteas maidir le hoibríochtaí leis na leabhair chuntais.

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

9th Feabhra 2009




RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS

AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	Nótaí	30/9/2008 €	30/9/2007 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA			
Infheistíochtaí	4	1,020,772,928	1,002,626,140
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	5	12,964,732	6,713,655
Banc	6	766,834	13,072,240
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA		13,731,566	19,785,895
DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe	7	(1,481,262)	(659,335)
DLITEANAIS IOMLÁNA		(1,481,262)	(659,335)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		12,250,304	19,126,560
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA		1,033,023,232	1,021,752,700
Arna Léiriú ag:			
Cistí á sealbhú do thairbhíthe	8	1,033,023,232	1,021,752,700

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais ar an 9 Feabhra 2009



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

9th Feabhra 2009

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais



RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	Nótaí	30/9/2008 €	30/9/2007 €
GLANGHNÓTHACHAIN/(CAILLTEANAIS) RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE			
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i rith na bliana	10	10,164,057	7,761,001
Glanghnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	11	(87,733,704)	12,539,527
(Cailteanais)/Gnóthachain réadaithe ar aistriúcháin ó chistí		(291,211)	919,161
GLANGHNÓTHACHAIN/ (CAILLTEANAIS) RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE (77,860,858)			
Ioncam infheistíochta	12	3,842,593	2,883,897
		(74,018,265)	24,103,586
Costais	13	(1,302,133)	(1,146,260)
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ			
		(75,320,398)	22,957,326

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais ar an 9 Feabhra 2009

Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

9th Feabhra 2009

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais



RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
(LAGHDÚ)/ MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ MAR THORADH AR OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide costais	2,540,460	1,737,637
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	10,164,057	7,761,001
Glanghnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(87,733,704)	12,539,527
(Caillteanais)/ Gnóthachain réadaithe ar aistrithe ó chistí	(291,211)	919,161
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	(75,320,398)	22,957,326
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	255,543,129	198,544,808
Eisíocaíochtaí	(168,952,199)	(146,508,056)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	86,590,930	52,036,752
Méadú i nglansócmhainní	11,270,532	74,994,078
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,021,752,700	946,758,622
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	1,033,023,232	1,021,752,700

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

1. GINEARÁLTA – STÁDAS DLÍTHIÚIL

Déanann Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnaís na Cistí Cúirte a bhainistiú i gcáil mhuiníneach thar ceann na dtairbhíthe. Is í seo a leanas an reachtaíocht agus an fho-reachtaíocht phríomhúil is tábhachtaí a rialaíonn fáil, bainistíocht agus infheistíocht na gcistí atá rialaithe ag an gCúirt:

- Acht Oifigigh Cúirte 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), arna ndéanamh faoin Acht sin
- Rialacha na gCúirteanna Uachtaracha
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

(a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasafóchta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

(b) Luacháil Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí liostaithe agus infheistíochtaí i gcistí aonadaithe a luacháil ag a bpraghas tairisceana sa chás go luaitear iad ar stocmhalartán aitheanta. Déantar beartais árachais a luacháil ag a luach géilliúla de réir mar a dhearbhaíonn na cuideachtaí árachais go neamhspleách iad. Déantar infheistíochtaí a luacháil ag a luach taisce, lena n-áirítear, ús a fhabhraítear ag deireadh na bliana.

(c) Ioncam

Déantar ioncam úis agus díbhinne a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe.

(d) Gnóthachain agus cailteanais réadaithe

Déantar idirbhearta infheistíochta a thaifeadadh ar bhonn dáta trádála. Déantar gnóthachain nó cailteanais réadaithe ar dhíolacháin na n-urrús trádálaithe a ríomh ar an mbunús an ceann is túisce isteach, an ceann is túisce amach. Déantar gnóthachain nó cailteanais réadaithe ar dhíolacháin infheistíochtaí i gcistí aonadaithe a ríomh ar an meánbhonn. Déantar gnóthachain nó cailteanais réadaithe agus neamhréadaithe ar infheistíochtaí a thaifeadadh sa ráiteas oibríochtaí.



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

(e) Costais

Cuirtear costais chun cuntais ar bhonn fabhráithe. Déantar costais a ghearradh ar an ráiteas oibríochtaí, seachas costais a tabhaíodh ar infheistíocht a ghnóthú, agus cuirtear iad sin san áireamh i gcostas infheistíochtaí den sórt sin.

Gearrtar costais a bhaineann le bainistiú na gcistí aonadaithe ar na glanghnóthachain réadaithe agus neamhréadaithe ar infheistíochtaí.

3. TÁILLÍ AGUS COSTAIS

3.1 Táillí Cúirte:

Is freagracht thromchúiseach í an fhreagracht dhlíthiúil a fheidhmíonn na cúirteanna, a cheanglaíonn go ndéanfar bainistíocht chuí ar na cistí agus sócmhainní eile a shealbhaítear ar iontaobhas, thar ceann agus chun sochair na dtairbhíthe. Tá go leor de na tairbhíthe i measc na ndaoine is leochailí sa tsochaí, mar shampla daoine ar coimircithe cúirte iad, agus daoine eile ar mionaoisigh faoi bhun ocht mbliana déag d'aois iad. D'fhonn a chinntiú go bhfeidhmíonn an tSeirbhís Chúirteanna a freagracht ó thaobh tacaíocht a thabhairt do na cúirteanna agus do na breithiúna maidir leis na cistí sin, is gá go mbíonn acmhainní agus córais iomchuí i bhfeidhm chun na cistí sin a bhainistiú. Áirítear leo sin freisin úsáid as acmhainní seachtracha, mar chomhairleoirí infheistíochta, iniúchóirí agus bainisteoirí ciste. Gearrtar táillí cúirte agus muirir eile mar ranníocaíocht i dtreo chostais na n-oibríochtaí sin ar na hidirbhearta éagsúla a bhaineann le bainistiú na gcistí cúirte. Tá na muirir sin mar chuid d'Orduithe Táillí na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte agus is é an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tAire Airgeadais a cheadaíonn iad.

Gearradh táillí cothrom le €1.227m (2007: €1.095m) mar thoradh ar idirbhearta a próiseáladh in Oifig an Chuntasóra le linn na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2008. Anuas ar na táillí sin, gearradh €0.066m (2007: €0.048m) i ndáil le céatadán chúirte ar chistí a bhí á sealbhú thar ceann Coimircithe Cúirte.



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

3.2 Táillí Bainistíochta Infheistíochta:

Comhaontaíodh ar scála táillí bainistíochta infheistíochta le Bank of Ireland Asset Management agus State Street Global Advisors agus glacadh san áireamh é mar chuid den Chomhaontú Bainistíochta Infheistíochta.

Ba é seo a leanas an meántáille bainistíochta infheistíochta a gearradh ar na cistí cúirte sa tréimhse atá faoi athbhreithniú:

Airgead Tirim:	0.03% (2007: 0.03%)	Glanluach Sócmhainne arna ríomh go seachtainiúil
Airgead Tirim Plus:	0.13% (2007: 0.15%)	Glanluach Sócmhainní arna ríomh go seachtainiúil
Banna Plus:	0.11% (2007: 0.11%)	Glanluach Sócmhainne arna ríomh go seachtainiúil
Comhardaithe:	0.25% (2007: 0.21%)	Glanluach Sócmhainne arna ríomh go seachtainiúil
Fáis:	0.25% (2007: 0.25%)	Glanluach Sócmhainne arna ríomh go seachtainiúil

3.3 Táillí Riaracháin agus Coimeádta:

Is táillí idirbhirt iad seo á ngearradh ag an Riarthóir agus ag an gCoimeádaí.

Ba í seo a leanas an táille riaracháin agus coimeádta ar gach ceann de na cistí sa bhliain 2008:

Airgead Tirim:	0.01%	Comhionannú arna ríomh go seachtainiúil.
Airgead Tirim Plus:	0.00%	Comhionannú arna ríomh go seachtainiúil
Banna Plus:	0.00%	Comhionannú arna ríomh go seachtainiúil
Comhardaithe:	0.01%	Comhionannú arna ríomh go seachtainiúil.
Fáis:	0.01%	Comhionannú arna ríomh go seachtainiúil.



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

4. INFHEISTÍOCHTAÍ

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
Cistí Aonadaithe BIAM	952,142,927	899,353,162
Cistí bainistithe	7,088,804	10,615,531
Cothromais	15,651,273	47,560,341
Bannaí Rialtais	4,326,977	1,444,666
Cuntais taisce	39,564,400	40,945,395
Teastais Choigiltis An Post	1,125,365	1,411,844
Polasaithe árachais	873,182	1,295,201
Punann Infheistíochtaí	1,020,772,928	1,002,626,140

5. FÉICHIÚNAITHE

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
Suimeanna cúirte a dámhadh ach nach bhfuarthas fós	12,476,939	6,713,655
Ioncam Fabhraithe	487,793	-
	12,964,732	6,713,655

6. BANC

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
Airgead ag an mBanc	766,834	13,072,240

Bhí aistriú na gcistí ó na Cúirteanna Cuarda agus Dúiche ar siúl le linn na bliana 2007, as ar eascair leibhéal ní b'airde ná ba ghnách sna cistí ag feitheamh ar infheistiú ag deireadh na bliana, 30 Meán Fómhair 2007. Bhí aistriú cistí na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche beagnach críochnaithe faoi 30 Meán Fómhair 2008.



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

7. CREIDIÚNAITHE

Creidiúnaithe	507,188	22,160
Cáin scoir iníoctha	974,074	637,175
	1,481,262	659,335

8. CISTÍ Á SEALBHÚ DO THAIRBHITHE

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
Suimeanna á sealbhú do choimircithe cúirte	635,525,998	680,088,345
Suimeanna á sealbhú do mhionaoisigh	247,630,015	212,913,886
Suimeanna á sealbhú ar feitheamh tuilleadh cásanna orduithe	83,621,028	36,041,841
Suimeanna á sealbhú do thiomnachtaí carthanachta	10,497,883	30,830,550
Suimeanna á sealbhú do lóisteálacha leis an gcosaint	30,180,199	31,037,778
Eile	25,568,109	30,840,300
	1,033,023,232	1,021,752,700

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS PRIACAIL

INFHEISTÍOCHTA

Is bainisteoirí gairmiúla atá ceaptha a dhéanann bainistíocht ar na hinfheistíochtaí a ndéanann Oifig an Chuntasóra bainistíocht orthu agus glacann na bainisteoirí sin straitéisí infheistíochta comhaontaithe. Tá priacal mar bhunchuid d'aon straitéis infheistíochta. Is é Bank of Ireland Asset Management Limited (“BIAM”) atá mar Bhainisteoir Infheistíochta ag Iontaobhas Aonad Speictrim BIAM (Spectrum Unit Trust) agus Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán BIAM (Gross Roll Up Unit Trust) (Cistí Aonadaithe BIAM) de bhun an Chomhaontaithe Bainistíochta Infheistíochta.

Is é State Street Global Advisors Limited (“SSGA”) a fheidhmíonn mar Bhainisteoir Infheistíochta ag CisteCothromais Limistéar an Euro BIAM GRU, Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU agus Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU de bhun an Chomhaontaithe Bainistíochta Infheistíochta le Bank of Ireland Asset Management Limited.

Agus na beartais agus na cuspóirí infheistithe á lorg nochtar na Cistí do priacail éagsúla airgeadais: priacal margaidh (lena n-áirítear priacal phraghas an mhargaidh, priacal rátaí úis agus priacal airgeadra, priacal creidmheasa agus priacal leachtachta a d’fhéadfadh glansócmhainní na gCistí a laghdú.



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

Tá clár bainistíochta riosca foriomlán na gCistí dírithe ar an gcaoi nach féidir na margaí airgeadais a thuar agus déanann sé iarracht laghdú a dhéanamh ar drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fheidhmíocht airgeadais na gCistí.

Is iad seo a leanas na priacail agus chur chuige an Bhainisteora Infheistíochta maidir le bainistíocht na bpriacal.

PRIACAL MARGAIDH

(a) Priacal maidir le praghas an mhargaidh

Is éard atá i priacal phraghas an mhargaidh ná an baol go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid a bhaineann le hionstraim airgeadais luainiú de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Bíonn urrúis na gCistí nocht do phriacal phraghas an mhargaidh de bharr éiginnteacht faoi phraghsanna na n-ionstraimí amach anseo. Measann bainisteoirí infheistíochta leithdháileadh sócmhainní na gcistí d'fhonn an priacal a bhaineann le tíortha áirithe nó le hearnálacha tionscail a laghdú agus na cuspóirí infheistíochta á leanúint acu ag an am céanna. Is é luach cóir na n-ionstraimí airgeadais a chinntíonn an priacal is mó de bharr ionstraimí airgeadais. Déanann an Bainisteoir Infheistíochta iarracht priacal phraghas an mhargaidh a mhaolú laistigh den Chiste trí chloí leis na srianta infheistithe ar tugadh cuntas orthu sa Réamheolaire agus sna Forlíontaí bainteacha. Cinntíonn na srianta infheistíochta seo go bhfuil an Ciste éagsúlaithe mar is cuí agus nach bhfuil siad comhchruinnithe an iomarca laistigh d'infheistíochtaí faoi leith.

Cinntíonn na critéir chun acmhainní a leithdháileadh a úsáideann an Bainisteoir Infheistíochta go n-infheistítear na hacmhainní laistigh den chiste ar fud criosanna éagsúla eacnamaíocha agus earnálacha infheistíochta.

Iontaobhas Aonad Speictrim BIAM

Infheistíonn Cistí Iontaobhais Aonad Speictrim BIAM i dteaghlaim de Chistí Iontaobhais Oll-aonad Rollaithe Suas BIAM atá bunaithe ar chuspóirí infheistíochta faoi leith i gcás gach ceann de na Cistí. Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar phróifíl reatha infheistíochtaí na gCistí agus déanann comparáid idir staid reatha na gCistí agus an spriocstaid nó an staid idéalach a d'fhéadfadh a bheith acu. Má tá difríochtaí ábhartha idir an staid ina bhfuil siad agus na spriocstaideanna nó na staideanna idéalacha déantar an scéal a chur ina cheart gach ráithe.

Léiríonn an anailís seo a leanas an tionchar a bheadh ag gluaiseacht 20% san innéacs tagarmharcála ábhartha (ríofa i dtéarmaí an euro) ar 30 Meán Fómhair 2008 agus ar 30 Meán Fómhair 2007 ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascaite dá bhfanadh na hathróna eile go léir mar a bhí.



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

Ainm an Chiste	Innéacs Tagarmharcála	% Athraithe sa Chiste Glansócmhainní Amhail an 30 Meán Fómhair 2008	% Athraithe sa Chiste Glansócmhainní Amhail an 30 Meán Fómhair 2007
Ciste Comhardaithe BIAM	Innéacs Saincheaptha	20.080%	20.991%
Ciste Banna Plus BIAM	Innéacs Saincheaptha	20.071%	20.111%
Ciste Airgid Thirim Plus BIAM	Innéacs Saincheaptha	0.972%	0.934%
Ciste Fáis BIAM	Innéacs Saincheaptha	20.051%	20.066%

Léiríonn an anailís thuas, mar shampla, dá dtiocfadh méadú 20% ar Innéacs Saincheaptha an Chiste Comhardaithe BIAM i dtéarmaí an euro ag 30 Meán Fómhair 2008, agus dá bhfanfadh na hathróa eile go léir mar a bhí, dhéanfadh sé seo méadú thart faoi 20.08% ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte de Chiste Comhardaithe BIAM.

Mar mhalairt ar sin, dá dtiocfadh laghdú 20% ar Innéacs Saincheaptha an Chiste Comhardaithe BIAM agus dá bhfanfadh na hathróa eile go léir mar a bhí, dhéanfadh sé seo laghdú thart faoi 20.08% ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte de Chiste Comhardaithe BIAM.

Ciste Airgid Thirim Euro BIAM GRU

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar phróifíl reatha infheistíochtaí na gCistí agus déanann sé comparáid laethúil idir staid reatha na gCistí agus an spriocstaid nó an staid idéalach. Má tá difríochtaí ábhartha idir na spriocstaidéanna nó na staidéanna idéalacha déantar an scéal a chur ina cheart láithreach.

Infheistíonn an Bainisteoir Infheistíochta sócmhainní na gCistí sa chaoi is go laghdófar earráid rianaithe feidhmíochta i gcomparáid leis an innéacs bunúsach tagarmharcála.



Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU

Déanann Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU iarracht feidhmíocht Innéacs FTSE Bloc an Euro a leanúint a dhlúithe agus is réasúnta agus is féidir. Is éard atá san innéacs sin ná tagarmharc ualaithe de réir luach iomlán margaidh na gnáthscaireanna urrús liostaithe nó á dtrádáil ar Mhargaí Rialaithe i Limistéar an Euro. Áirítear leo sin thart faoi 260 stoc san innéacs atá ualaithe de réir luach iomlán margaidh na dtíortha atá ar an Innéacs, agus ag luach iomlán margaidh na stoc laistigh de na tíortha faoi leith.

Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU

Déanann Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU iarracht feidhmíocht Innéacs FTSE an Domhain seachas Bloc an Euro a leanúint a dhlúithe agus is réasúnta agus is féidir. Tá thart faoi 1,650 stoc san innéacs agus iad ualaithe de réir luach iomlán margaidh stoc na dtíortha atá ar an Innéacs agus luach iomlán margaidh na stoc laistigh de na tíortha faoi leith.

Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU

Déanann Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU iarracht feidhmíocht Innéacs Banna Díreach Rialtais EMU 5 Bliana+ Merrill Lynch a leanúint go pointeáilte chomh fada agus is féidir. Is éard atá san Innéacs ná tagarmharc ualaithe de réir luach iomlán margaidh thart faoi 120 urrús fiachais de chuid Rialtas i Limistéar an Euro agus iad ar ráta seasta de ghrád infheistithe agus an Euro ina aonad airgeadra acu, le haibíochtaí, ag tráth na hinfheistíochta, atá breis is 5 bliana ar fhad.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar phróifíl reatha infheistíochtaí na gCistí agus déanann sé comparáid laethúil idir staid reatha na gCistí i gcomparáid leis an innéacs.

Bíonn earráid ábhartha rianaithe ann má scartar ó stádas an innéacs, tar éis aon chostas idirbhearta gaolmhar a chur san áireamh agus ceartaítear láithreach iad.

Míníonn an anailís seo a leanas an tionchar a bheadh ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte sna Cistí éagsúla dá dtiocfadh méadú 20% ar innéacs tagarmharcála bainteach (á ríomh in Euro) ag 30 Meán Fómhair 2008, agus 30 Meán Fómhair 2007, agus dá bhfanadh na hathróa eile go léir mar a bhí.



Ainm an Chiste	Innéacs Tagarmharcála	% Athraithe i nGlansócmhainní an Chiste amháil an 30 Meán Fómhair	% Athraithe i nGlansócmhainní an Chiste amháil an 30 Meán Fómhair
<i>Ciste Airgid Thirim Euro</i> BIAM GRU	N/B	20.000%	20.000%
<i>Ciste Cothromais Limistéar an Euro</i> BIAM GRU	Innéacs FTSE Bloc an Euro	19.957%	19.991%
<i>Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro</i> BIAM GRU	Innéacs FTSE World Developed ex Eurobloc	19.993%	19.977%
<i>Ciste Banna Limistéar an Euro</i> BIAM GRU	Innéacs Banna Díreach Rialtais EMU 5 Bliana+ Merrill Lynch	19.763%	20.083%

Léiríonn an anailís thuas, mar shampla, dá dtiocfadh méadú 20% ar Innéacs FTSE Eurobloc i dtéarmaí an euro ag 30 Meán Fómhair 2008, agus dá bhfanadh na hathrógá eile go léir mar a bhí, dhéanadh sé seo méadú thart faoi 19.957% ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte de Chiste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU.

Mar mhalairt ar sin, dá dtiocfadh laghdú 20% ar Innéacs FTSE Eurobloc i dtéarmaí an euro agus dá bhfanadh na hathrógá eile go léir mar a bhí, dhéanadh sé seo laghdú thart faoi 19.957% ar na glansócmhainní inchurtha i leith sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte de Chiste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU.

Déanann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais bainistiú ar Phunann Infheistíochtaí (cistí a bhainistítear go himheánach”) lena n-áirítear:

- Cistí Bainistithe
- Cothromais
- Bannaí Rialtais
- Cuntais taisce
- Teastais Choigiltis An Post
- Polasaithe árachais

Is ionann na cistí a bhainistítear go himheánach agus 6.7% (2007: 10.3%) den phunann infheistíochtaí iomlán. Déantar na cistí bainistithe, na cothromais agus na bannaí rialtais a luacháil ag luach an mhargaidh agus infheistítear iad i margaí leachtacha. Tá na hinfeistithe seo nochta do phriacal phraghas an mhargaidh. Déanann an lucht bainistíochta na hinfeistithe seo a bhainistiú go himheánach gach seachtain.



(b) Priacal Airgeadra

Is éard atá i bpriacal airgeadra ná an baol go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraime airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe sna rátaí malartaithe coigríche.

Iontaobhas Aonad Speictrim BIAM

Infheistíonn na Cistí a sócmhainní go léir san Iontaobhas bunaidh den Aonad Rollaithe Suas Comhlán BIAM. Is in euro atá na Fo-Chistí go léir laistigh de Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán BIAM ós é sin bunairgeadra na gCistí. Ar an ábhar sin níl na Cistí nochta go díreach do phriacal airgeadra ar bith.

Tá na Cistí go léir nochta go hindíreach do na priacail airgeadra, áfach, toisc iad a bheith infheistithe i gCiste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU.

Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán BIAM

Níl Ciste Airgid Thirim Euro BIAM GRU, ná Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU ná Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU nochta go díreach d'aon phriacal airgeadra coigríche óir is in euro atá na sócmhainní agus na dliteanais go léir óir is é sin airgeadra feidhmeach na gCistí uile.

Is in airgeadraí eile seachas an euro atá sócmhainní, dliteanais agus ioncam Chiste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU, bíodh is gurb é an euro airgeadra feidhmeach na gCistí go léir. Ar an ábhar sin tá sé nochta do phriacal airgeadra óir beidh luach na n-urrús ag luainiú de bharr athruithe sna rátaí malartaithe coigríche. Déantar an t-ioncam a fhaightear in airgeadraí coigríche a aistriú go euro nuair a fhaightear é. Is é cuspóir infheistíochta an Chiste ná feidhmíocht Innéacs FTSE an Domhain seachas Bloc an Euro a leanúint a dhlúithe agus is réasúnta agus is féidir. Ní dhéanann an Bainisteoir Infheistíochta iarracht bainistiú a dhéanamh ar an nochtadh d'airgeadraí coigríche laistigh den Chiste agus ní bhíonn sé i mbun gníomhaíochtaí fálaithe maidir le hairgeadraí coigríche.

Ní dhearnadh aon athruithe ábhartha i rith na tréimhse seo do bheartais na gCistí, ná do na próisis trína ndéantar bainistiú ar phriacail airgeadra, ná do na modhanna a úsáidtear chun an priacal a áireamh. Is in airgeadraí eile seachas an euro atá sócmhainní agus dliteanais uile Chiste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU agus dá dtiocfadh méadú 1% ar airgeadra an euro i gcomparáid le hairgeadraí eile thiocfadh méadú 1% i Luach Glansócmhainní an Chiste agus a mhalairt de dhóigh amhail an 30 Meán Fómhair 2008 agus 30 Meán Fómhair 2007.

Is in euro atá na cistí go léir a bhainistítear go himmheánach, agus is é sin airgeadra feidhmeach na ráiteas airgeadais agus ar an ábhar sin níl siad nochta d'aon phriacal airgeadra.



(c) Priacal maidir le Rátaí Úis

Is iad na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais a n-foctar ús orthu na rudaí a nochtann Ciste do phriacal ó thaobh a stádas airgeadais agus a sreabhadh airgid agus é sin de thoradh luaineachta i rátaí úis an mhargaidh.

Lontaobhas Aonad Speictrim BIAM

Infheistíonn na Cistí a sócmhainní go léir san lontaobhas bunaidh den Aonad Rollaithe Suas Comhlán BIAM. Ar an ábhar sin níl na Cistí noхта go díreach do phriacal rátaí úis. Tá na Cistí go léir noхта go hindíreach do phriacail na rátaí úis áfach, trína n-infheistíochtaí sa Chiste Airgead Tirim Euro BIAM GRU agus Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU.

Níor bhain na Cistí leas as gearáil chaipitiúil ná as iasachtaí ar mhaithe le leachtacht i rith na mblianta dar gcríoch 30 Meán Fómhair 2008 agus 30 Meán Fómhair 2007. Ar an ábhar sin ní raibh na Cistí noхта do phriacal rátaí úis de bharr luaineachta mífhabhraí sna rátaí úis iníochta. Ní dóigh leis an mBainisteoir Infheistíochta go dtiocfaidh aon athrú ar an scéal seo sa chéad tréimhse tuairiscithe eile.

Lontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán BIAM

Tá na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais a n-foctar ús orthu ag an gCiste Airgead Tirim Euro BIAM GRU agus ag Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU agus is iadsan a nochtann iad do phriacail ó thaobh a stádas airgeadais agus a sreabhadh airgid de thoradh luaineachta i rátaí úis an mhargaidh.

Is í aidhm Chiste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU ná feidhmíocht Innéacs Banna Díreach Rialtais EMU 5 Bliana+ Merrill Lynch a leanúint go pointeáilte chomh fada agus is féidir. Infheistíodh an Bainisteoir Infheistíochta ina leithéid d'infheistíochtaí is a chinnteoidh go leanfaidh feidhmíocht an chiste feidhmíocht an bhun-innéacs go pointeáilte chomh fada agus is féidir. Ní dhéanann sé aon iarracht an nochtadh do phriacal rátaí úis a bhainistiú laistigh den Chiste.

Is trí próiseas roghnaithe infheistíochta an Bhainisteora Infheistíochta a dhéantar cuid de bhainistiú priacail na rátaí úis i gcás an Chiste Airgead Tirim Euro GRU BIAM. Áirítear leis seo réamhaisnéisí faoi rudaí a tharlóidh agus an tionchar a bheidh acu ar rátaí úis, ar éagsúlú agus ar mharthanacht. I gcomhréir le beartas an Chiste, déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar íogaireacht fhoriomlán an Chiste ó thaobh úis de.

Níl urrúis le hús ag Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU ná ag Cistí Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU agus ar an ábhar sin ní nochtar na Cistí sin d'aon phriacal ó thaobh rátaí úis.



Ní dhearnadh aon athruithe ábhartha ó dheireadh na bliana seo caite ar bheartais na gCistí, ná ar na próisis trína mbainistítear priacal na rátaí úis, ná ar na modhanna a úsáidtear chun priacal a áireamh.

Déantar íogaireacht ó thaobh rátaí úis a áireamh trí mharthanacht, agus is é sin tomhas an tionchair a bheadh ar Luach Glansócmhainní an chiste dá dtarlódh athrú 100 ar bhunphointe na rátaí úis.

Mínítear sa tábla seo a leanas an tionchar % a bheadh ar Ghlansócmhainní na gCistí sin a bhfuil urrúis acu agus ús iníoctha orthu dá mbeadh athrú 1% ar na rátaí úis.

Ainm an Chiste	% Athraithe i nGlansócmhainní an Chiste ag glacadh le hathrú 1% sna Rátaí Úis Rátaí Amhail an 30 Meán Fómhair 2008	% Athraithe i nGlansócmhainní an Chiste ag glacadh le hathrú 1% sna Rátaí Úis Rátaí Amhail an 30 Meán Fómhair 2007
Ciste Airgid Thirim Euro BIAM GRU	0.32%	0.32%
Ciste Banna an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU	8.77%	8.78%

Níor bhain na Cistí go léir leas as gearáil chaipitiúil agus ní bhfuair siad iasachtaí ar mhaithe le leachtacht i rith na bliana dar gcríoch 30 Meán Fómhair 2008 agus 30 Meán Fómhair 2007, agus ní raibh aon ús iníoctha i rith na bliana. Ar an ábhar sin ní raibh na Cistí nochta do phriacal rátaí úis de bharr luaineachta mífhabhraí sna rátaí úis iníoctha.

Beidh an fáltas a ghineann ioncam na gcistí sin a bhainistítear go himheánach, go mór mór na Cuntais taisce agus Teastais Choigiltis An Phost, nochta do luaineacht na rátaí úis. Meastar, áfach, nach bhfuil ann ach priacal an-bheag.

(d) Priacal Creidmheasa

Tá na Cistí nochta do phriacal creidmheasa. Is é sin an baol nach mbeidh contrapháirtí nó eisiúnaí in ann na méideanna iomlána a íoc nuair a bheidh siad dlite.

Lontaobhas Aonad Speictrim BIAM

Infheistíonn na Cistí a sócmhainní go léir san Lontaobhas bunaidh den Aonad Rollaithe Suas Comhlán BIAM.

Tá na Cistí nochta go hindíreach do phriacal creidmheasa de bharr a bhfuil infheistithe acu in Lontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán BIAM.



Ciste Airgid Thirim Euro BIAM GRU

Déanann Deasc Ioncaim Sheasta BIAM agus Aonad Tacaíochta Infheistíochta BIAM monatóireacht laethúil ar ráta creidmheasa reatha gach suímh laistigh de na Cistí le cinntiú go sásaíonn an Ciste i gcónaí na riachtanais maidir le ráta creidiúnaithe agus srianta an Chiste a bhfuil cuntas orthu i ndoiciméadúchán an Chiste.

Lena chois sin cinntíonn Deasc Ioncaim Sheasta BIAM agus Aonad Tacaíochta Infheistíochta BIAM go bhfuil éagsúlú infheistíochtaí cuí ann agus nach bhfuil na priacail comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith.

Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU

Déanann an Bainisteoir Infheistíochtaí monatóireacht laethúil ar ráta creidiúnaithe gach suíomh laistigh den Chiste le cinntiú go sásaíonn an Ciste riachtanais agus srianta an ráta creidiúnaithe an Chiste a bhfuil cuntas orthu i ndoiciméadúchán an Chiste.

Cinntíonn an Bainisteoir Infheistíochtaí freisin go bhfuil éagsúlú infheistíochta cuí ann agus nach bhfuil na priacail comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith, ach é ag díriú ar phríomhchuspóir an chiste, is é sin le rá, iarracht feidhmíocht Innéacs Banna Díreach Rialtais EMU 5 Bliana+ Merrill Lynch a leanúint go pointeáilte chomh fada agus is féidir.

Is iad méid na sócmhainní airgeadais atá á iompar is fearr a léiríonn uasmhéid an nochta do phriacail creidmheasa ar dháta an chláir chomhardaithe. Baineann sé seo freisin le sócmhainní airgeadais a iompraítear ar chostas amúchta óir tagann siad chun aibíochta tar éis gearrthearma.

Tá urrúis a bhfuil ús iníochta orthu ag Ciste Airgead Tirim Euro BIAM GRU agus Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU agus iad nochta do na priacail chreidmheasa seo a leanas amhail an 30 Meán Fómhair 2008 agus 30 Meán Fómhair 2007.

Ainm an Chiste	Amhail an 30 Meán Fómhair 2008		Amhail an 30 Meán Fómhair 2007	
	Infheistíocht Grád	Neamh-Infheistíocht Grád	Infheistíocht Grád	Neamh-Infheistíocht Grád
Ciste Airgid Thirim Euro BIAM GRU	100%	N/a	100%	N/a
Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU	100%	N/a	100%	N/a



Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU

Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU

Tá na Cistí noхта do phriacal creidmheasa. Is é sin an baol nach mbeidh contrapháirtí nó eisiúnaí in ann na méideanna iomlána a íoc nuair a bheidh siad dlite. Seo a leanas nochtadh creidmheasa an Chiste:

- an baol go gcaillfear an t-airgead tirim atá i seilbh JP Morgan ar an dáta tuairiscithe; agus
- an baol nach n-íocfaidh na bróicéirí as na hurrúis a fuarthas ó na Cistí, nó nach

Thug Standard & Poor ráta “A” do JP Morgan maidir le fiachas fadtéarmach agus meastar nach fiú trácht ar an mbaol go mainneoidh siad.

Socraítear agus íoctar as gach idirbheart a bhaineann le hurrúis liostaithe nuair a sheachadtar iad agus úsáideann an Coimeádaí bróicéirí faofa chuige sin.

Caithfidh an Bainisteoir Infheistíochta na bróicéirí go léir a fhaomhadh sula bhféadfaidh Bainisteoir Infheistíochtaí na gCistí déileáil leo agus chuige sin ní mór a gcuntais bhliantúla a fháil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Meastar nach bhfuil ann ach baol an-bheag go mainneoidh na bróicéirí, mar ní sheachadtar na hurrúis a díoladh go dtí go bhfaigheann an bróicéir an íocaíocht agus íoctar as an gceannachán nuair a fhaigheann an bróicéir na hurrúis.

Ar an ábhar sin is é tuairim an Bhainisteora Infheistíochta gur beag an baol atá ann go dteipfidh ar na contrapháirtithe a gcuid dualgas i leith an Chiste a chomhlíonadh.

Meastar nach bhfuil ach priacal an-bheag i gceist i gcás na gcistí a bhainistítear go himheánach.



(e) Priacal Leachtachta

Is éard atá i bpriacal leachtachta ná an baol go mbeidh deacracht ag aonán ag comhlíonadh dualgais a bhaineann le dliteanais airgeadais.

Iontaobhas Aonad Speictrim BIAM

Infheistíonn na Cistí a sócmhainní go léir san Iontaobhas bunaidh den Aonad Rollaithe Suas Comhlán BIAM. Tá na cistí go léir nochta do dhéileáil sheachtainiúil.

Tá gach fuascailt a dhéantar ar aonad infhuascailte sna Cistí iníoctha laistigh de 2 lá gnó ó lá gnó na fuascailte.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar stádas leachtachta na gCistí. Déanann an Bainisteoir Infheistíochta athbhreithnithe laethúla ar stádas leachtachta na gCistí, idir stádas reatha agus stádas sa todhchaí, agus déanann deimhin de go gcuirtear ar fáil de réir mar is cuí aon airgead atá riachtanach chun iarratais fuascailte a shocrú.

Tá sé ar chumas na gCistí go léir iasachtaí a fháil sa ghearrthéarma chun socruithe a chinntiú.

Tá sé ceadaithe de réir Réamheolaire na gCistí gur féidir iasacht ar fiú 10% de ghlansócmhainní na gCistí é a fháil uair ar bith ar mhaithe le cuntas aon Chiste nó Cistí, agus féadfaidh an Coimeádaí táille a ghearradh ar shócmhainní a leithéid de Chistí mar shlándáil i leith a leithéid d'iasachtaí, ar an gcoinníoll gur chun críche sealadacha amháin a fhaightear iasachtaí den sórt sin.

Ní fhaigheann na Cistí iasachtaí de ghnáth agus ní raibh aon iasacht acu ar dháta an chláir chomhardaithe. (2007: Neamhní)

Tá dliteanais airgeadais na gCistí uile iníoctha laistigh de mhí amháin.

Déanann na Cistí a gcuid sócmhainní go léir a infheistiú i margadh gníomhach agus is féidir iad a dhiúscairt go réidh.

Tá na cistí go léir nochta do dhéileáil sheachtainiúil. Tá gach fuascailt a dhéantar ar aonad infhuascailte sna Cistí iníoctha laistigh de 2 lá gnó ón lá gnó sin ina ndearnadh an fuascailt.



Ciste Airgid Thirim Euro GRU

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar stádas leachtachta an Chiste. Is é Aonad Tacaíochta Infheistíochta BIAM go sonrach a dhéanann monatóireacht ar phriacal leachtaithe laistigh den Chiste. Déanann Aonad Tacaíochta Infheistíochta BIAM athbhreithnithe laethúla ar stádas leachtachta an Chiste, idir stádas reatha agus stádas sa todhchaí, agus déanann deimhin de go gcuirtear ar fáil de réir mar is cuí aon airgead atá riachtanach chun iarratais fuascailte a shocrú.

Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU

Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU

Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar stádas leachtachta na gCistí. Déanann an Bainisteoir Infheistíochta athbhreithnithe laethúla ar stádas leachtachta na gCistí, idir stádas reatha agus stádas sa todhchaí, agus déanann deimhin de go gcuirtear ar fáil de réir mar is cuí aon airgead atá riachtanach chun iarratais fuascailte a shocrú.

Tá sé ar chumas na gCistí go léir iasachtaí a fháil sa ghearrthéarma chun socruithe a chinntiú. Tá sé ceadaithe de réir Réamheolaire na gCistí gur féidir iasacht ar fiú 10% de ghlan sócmhainní na gCistí é a fháil uair ar bith ar mhaithe le cuntas aon Chiste nó Cistí, agus féadfaidh an Coimeádaí táille a ghearradh ar shócmhainní a leithéid de Chistí mar shlándáil i leith a leithéid d'iasachtaí, ar an gcoinníoll gur chun críche sealadacha amháin a fhaightear iasachtaí den sórt sin.

Ní fhaigheann na Cistí iasachtaí de ghnáth agus ní raibh aon iasacht acu ar dháta an chláir chomhardaithe. (2007: Neamhni)



Tá dliteanais airgeadais na gCistí uile iníoctha laistigh de mhí amháin ach amháin i gcás na gCistí seo a leanas:

Amhail an 30 Meán Fómhair 2008

Ainm an Chiste	Iníoctha laistigh de 1 – 3 Mhí	Iníoctha laistigh de 3 – 6 Mhí
Ciste Airgid Thirim Euro BIAM GRU	N/A	N/A
Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU	EUR41,180	N/A
Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU	EUR139,106	N/A
Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU	N/A	N/A

Amhail an 30 Meán Fómhair 2007

Ainm an Chiste	Iníoctha laistigh de 1 – 3 Mhí	Iníoctha laistigh de 3 – 6 Mhí
Ciste Airgid Thirim Euro BIAM GRU	N/A	N/A
Ciste Cothromais Limistéar an Euro BIAM GRU	N/A	N/A
Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro BIAM GRU	N/A	N/A
Ciste Banna Limistéar an Euro BIAM GRU	N/A	N/A

Ar an ábhar sin mheas an Bainisteoir Infheistíochta gur beag an baol atá ann go mbeadh na Cistí i bpriacal de bharr easpa leachtaithe.

Is i margadh atá an-leachtach atá na cistí a bhainistítear go hinmheánach agus is féidir teacht orthu gan ach fógra gearr a thabhairt. Meastar, ar an ábhar sin, nach bhfuil ann ach baol an-bheag ó thaobh leachtaitheacha de.

**10. GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ**

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
Gnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	12,931,846	9,447,742
Lúide:		
Cáin Scoir	(2,753,452)	(1,602,561)
Táille riaracháin agus coimeádta (Nóta 3.3)	(14,337)	(84,180)
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	10,164,057	7,761,001

Tugtar údarás san Acht Airgeadais 2003 don tSeirbhís Chúirteanna cánacha scoir a eascraíonn ó dhiúscairt infheistíochtaí a asbhaint ag an bhfoinse agus cuntas a thabhairt orthu. Ríomhtar an cháin ag an ráta caighdeánach móide 3% agus í infoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.

11. GLANGHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE/ (GLANCHAILLTEANAS) AR INFHEISTÍOCHTAÍ

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
Gnóthachain neamhréadaithe/ (caillteanais) ar infheistíochtaí le linn na bliana	(86,226,979)	14,080,906
Lúide:		
Táillí bainistíochta infheistíochta (Nóta 3.2)	(1,136,731)	(1,104,053)
Táillí riaracháin agus táillí coimeádta (Nóta 3.3)	(77,526)	(102,638)
Táillí ilghnéitheacha na gcistí bainistithe (i)	(292,468)	(334,688)
Glanghnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(87,733,704)	12,539,527

(i) Áirítear leis na táillí sin, muirir idirbhirt, táillí iniúchta, táillí cosanta, táillí gairmiúla eile, táillí iontaobhaithe agus ús bainc.



12. IONCAM INFHEISTÍOCHTA

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
Ús Taisce	1,760,788	906,653
Díbhinní	1,929,887	1,865,785
Scaireanna in ionad díbhinní	37,915	14,645
Ús ar infheistíochtaí eile	105,937	90,836
Eile	8,066	5,978
	<u>3,842,593</u>	<u>2,883,897</u>

Léirítear ioncam infheistíochta glan ar cháin shiarchoinneálach. Ús Taisce áirítear le hÚs Taisce in 2008 ioncam ó ús taisce fabhraithe de réir na bprionsabal cuntasafíochta a nglactar go ginearálta leo.

13. COSTAIS

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
Táillí cúirte (Nóta 3.1)	1,293,452	1,142,548
Táillí bróicéirí	8,064	2,880
Muirir bhainc	617	832
	<u>(1,302,133)</u>	<u>1,146,260</u>



14. IONCAM EILE

Léirítear ioncam eile, inter alia, trí ioncam blianachta, roghanna cearta díolta agus ús ar lóisteálacha déanacha.

15. IMEACHTAÍ IAR-CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ní raibh aon imeachtaí ábhartha iar-chláir chomhardaithe ann a d'éileodh athbhreithniú ar na figiúirí sna ráitis airgeadais. Tá na margaí airgeadais imithe chun donais tuilleadh ó dháta an chláir chomhardaithe agus bhí tionchar aige sin ar luach margaidh na n-infheistíochtaí atá á gcoinneáil. Ní ócáid choigeartaithe sna Ráitis Airgeadais a leithéid de dhul chun donais.



CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE

FAISNÉIS FHORLÍONTACH (NACH gCLÚDAÍTEAR LE TUAIRISC AN INIÚCHÓRA
NEAMHSPLEÁIGH)

RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS

AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/09/2007 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	916,066,047	941,945,551
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	12,210,609	5,868,687
Banc	316,525	4,691,995
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	12,527,134	10,560,682
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(1,387,039)	(656,369)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(1,387,039)	(656,369)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	11,140,095	9,904,313
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	927,206,142	951,849,864
Arna Léiriú ag:		
Cistí á sealbhú do thairbhíthe ag deireadh na bliana	927,206,142	951,849,864

**CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE****RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ**

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
GLANGHNÓTHACHAIN/ (CAILLTEANAIS) RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	9,977,390	7,746,679
Glanghnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(87,896,582)	12,021,603
(Caillteanais)/Gnóthacháin réadaithe ar aistriú ó chistí	(291,211)	919,161
GLANGHNÓTHACHAIN/(CAILLTEANAIS) RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	(78,210,403)	20,687,443
Ioncam infheistíochta	3,781,285	2,865,301
	(74,429,118)	23,552,744
Costais	(1,301,668)	(1,145,924)
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	(75,730,786)	22,406,820



CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE

RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide costais	2,479,617	1,719,377
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	9,977,390	7,746,679
Glanghnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(87,896,582)	12,021,603
(Caillteanais)/Gnóthacháin réadaithe ar aistrithe ó chistí	(291,211)	919,161
	<hr/>	<hr/>
(LAGHDÚ)/MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	(75,730,786)	22,406,820
	<hr/>	<hr/>
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	205,058,180	132,632,959
Eisíocaíochtaí	(153,971,116)	(143,813,168)
	<hr/>	<hr/>
MÉADÚ/ (LAGHDÚ) I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	51,087,064	(11,180,209)
	<hr/>	<hr/>
(Laghdu)/Méadú i nGlansócmhainní	(24,643,722)	11,226,611
Glansócmhainní ag tús na bliana	951,849,864	940,623,253
	<hr/>	<hr/>
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	927,206,142	951,849,864
	<hr/>	<hr/>



CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

FAISNÉIS FHORLÍONTACH (NACH gCLÚDAÍTEAR LE TUAIRISC AN INIÚCHÓRA
NEAMHSPLEÁIGH)

RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS

AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	100,598,156	57,735,724
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	739,643	813,760
Banc	436,395	8,073,985
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	1,176,038	8,887,745
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(84,712)	(2,895)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(84,712)	(2,895)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	1,091,326	8,884,850
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	101,689,482	66,620,574
Arna Léiriú ag:		
Cistí á sealbhú do thairbhíthe ag deireadh na bliana	101,689,482	66,620,574



CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i rith na bliana	177,804	14,005
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	136,195	490,214
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
	313,999	504,219
Ioncam infheistíochta	46,189	13,932
	360,188	518,151
Costais	(415)	(336)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	359,773	517,815



CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ MAR THORADH AR OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide costais	45,774	13,596
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	177,804	14,005
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	136,195	490,214
	<hr/>	<hr/>
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	359,773	517,815
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	48,890,922	62,660,355
Eisíocaíochtaí	(14,181,787)	(2,557,366)
	<hr/>	<hr/>
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	34,709,135	60,102,989
Méadú i nglansócmhainní	35,068,908	60,620,804
Glansócmhainní ag tús na bliana	66,620,574	5,999,770
	<hr/>	<hr/>
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	101,689,482	66,620,574



CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

*FAISNÉIS FHORLÍONTACH (NACH gCLÚDAÍTEAR LE TUAIRISC AN INIÚCHÓRA
NEAMHSPLEÁIGH)*

RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS

AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	4,108,725	2,944,865
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	14,480	31,208
Banc	13,914	306,260
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	28,394	337,468
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(9,511)	(71)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(9,511)	(71)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	18,883	337,397
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	4,127,608	3,282,262
Arna Léiriú ag:		
Cistí á sealbhú do thairbhíthe ag deireadh na bliana	4,127,608	3,282,262



CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/09/2007 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	8,863	317
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	26,683	27,710
	<hr/>	<hr/>
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	35,546	28,027
Ioncam infheistíochta	15,119	4,664
	<hr/>	<hr/>
	50,665	32,691
Costais	(50)	-
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	<hr/> 50,615	<hr/> 32,691



CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2008

	30/9/2008 €	30/9/2007 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide costais	15,069	4,664
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	8,863	317
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	26,683	27,710
	<hr/>	<hr/>
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	50,615	32,691
	<hr/>	<hr/>
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	1,594,027	3,251,494
Eisíocaíochtaí	(799,296)	(137,522)
	<hr/>	<hr/>
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	794,731	3,113,972
	<hr/>	<hr/>
Méadú i nglansócmhainní	845,346	3,146,663
Glansócmhainní ag tús na bliana	3,282,262	135,599
	<hr/>	<hr/>
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	4,127,608	3,282,262
	<hr/>	<hr/>

Oifig an Chuntasóra
An tSeirbhís Chúirteanna
Teach an Fhionnuisce
Sráid an Fhionnuisce
Thuaidh Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7.

Teileafón. 01 8886211
01 8886214

Láithreán gréasáin. www.courts.ie